



Parlaimint na hEorpa: Guth na saoránach san Aontas Eorpach



Parlaimint na hEorpa

Printed by Imprimerie Bietlot in Belgium

PRINTED ON ELEMENTAL CHLORINE-FREE BLEACHED PAPER (ECF)



Scríbhinn arna tabhairt chun críche i Nollaig 2022.

Níl Parlaimint na hEorpa ná aon duine eile a bheadh ag gníomhú thar ceann na hinstiúide freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis thíos.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023

© An tAontas Eorpach, 2023

Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinse a admháil.

Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart an Aontais a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

Print ISBN 978-92-846-9281-1 doi:10.2861/26794 QA-01-22-287-GA-C

PDF ISBN 978-92-846-9262-0 doi:10.2861/385150 QA-01-22-287-GA-N



RÉAMHRÁ ÓN UACHTARÁN

Is í Parlaimint na hEorpa an t-aon institiúid Eorpach a thoghtar go díreach, agus a bhfuil sé mar phríomhchuspóir aici ionadaíocht a dhéanamh duit agus seasamh suas do do chuid tuairimí ar an ardán Eorpach. Oibríonn d'ionadaithe tofa chun go gcruthófar an Eoraip a theastaíonn uait. Táim bródúil as éachtaí na Parlaiminte seo agus ár nAontais Eorpaigh.

Le chéile, tá scéal síochána agus rathúnais cruthaithe againn. Ní beag an dul chun cinn atá déanta againn le seachtó bliain anuas, ach bíonn rudaí ann i gcónaí gur féidir linn feabhas a chur orthu. Níl aon chríochphointe ag an dul chun cinn. Ní mór dúinn leanúint dár nAontas Eorpach

a fhorbairt agus a uasghrádú. Ní mór dúinn tiomantas agus díograis i leith ár gcomhthionscadail Eorpaigh a fháil ar ais. Creideamh chun ár spás comhroinnte a dhéanamh níos sábháilte, níos cothroime, níos córa agus níos comhionainne. Creidtear gur le chéile atáimid níos láidre agus níos ullmhaithe chun aghaidh a thabhairt ar an todhchaí.

Chuide sin, beidh iarracht ó gach uile dhuine againn ag teastáil. Ní chiallaíonn sé sin vótáil i dtoghcháin amháin – ciallaíonn sé a bheith ar an eolas, gníomhach agus rannpháirteach inár ndaonlathas freisin. Is é an ról atá againn sa Pharlaimint seo ná an mhúinín atá agat asainn a chomhlíonadh agus a aisíoc. Is fúinne atá sé oibriú ar do shon agus beart a dhéanamh de réir ár mbriathair.

Tuigim go mothaíonn go leor Eorpach go bhfuil institiúidí AE i bhfad ó na daoine a ndéanann siad ionadaíocht dóibh. Mar theach Eorpach an daonlathais — do theach — teastaíonn uainn an bhearna sin a dhruidim, chun a áirithiú go dtabharfar cluas do gach duine san Eoraip.

Agus muid ag féachaint i dtreo na todhchaí, tá an tábhacht a bhaineann le hoibriú le chéile ag éirí níos soiléire. Gach bliain, is cosúil go mbíonn níos mó athruithe ann ná an bhliain roimhe sin. Éilíonn luas na n-imeachtaí domhanda freagairt thapa agus chomhordaithe. Tá sé sin feicthe againn le linn na paindéime agus le hionradh neamhdhleathach Putin ar an Úcráin. Mar pharlaimint, ní mór dúinn an baol a bhaineann le

bogás agus neamhghníomhaíocht a aithint. Ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar bhagairt dhomhanda an athraithe aeráide, ar an gcoibhneacht agus ar an mbrú ar theorainneacha na hEorpa agus forbairtí gasta i ngach réimse ó dhigitiú go cosaint an tomhaltóra, agus ar na dúshláin a ghabhann leo dár sochaí. Is léir nach féidir linn aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin inár n-aonar — ní éireoidh linn mura mbeimid aontaithe.

Tá an Pharlaimint seo réidh, áfach. Bhíomar i gcónaí ar thús cadhnaíochta maidir le dul i ngleic le dúshláin na hEorpa. Le chéile, sheas an tAontas ar son ár luachanna: an smacht reachta, an daonlathas agus an tsaoirse. Tá sé sin déanta againn trí thacú leis an Úcráin agus trí smachtbhannaí nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe a

fhorchur ar an gCreimil. Tá cinneadh déanta againn de bheith ar an gcéad ilchríoch atá neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050 agus tá daoine agus gnóilachtaí á gcumhachtú againn de réir mar a théimid i dtreo todhchaí níos digití. Tá Eoraip an lae inniu muiníneach agus cumasach. Tá treo soiléir agus treoir mhorálta sheasta againn.

Tá an cruthúnas feicthe againn — arís agus arís eile — go bhfuil tábhacht ag baint lena mbíonn ag tarlú anseo inár bParlaimint san Eoraip ar fad. Mar Uachtarán an tí seo, ba mhaith liom go leanfaimid de bheith ag obair i gcomhar le chéile chun an baile atá i bpáirt againn a fheabhsú agus chun todhchaí níos fearr a chruthú dúinn féin agus don chéad ghlúin eile de mhuintir na hEorpa.

Roberta Metsola

Uachtarán Pharlaimint na hEorpa



Parlaimint na hEorpa:
**Guth na saoránach
san Aontas Eorpach**

PARLAIMINT NA hEORPA

AGUS TUSA

Tá ról ríthábhachtach ag Parlaimint na hEorpa sa reachtóireacht agus sa cheapadh beartas agus is minic go mbíonn tionchar cinntitheach aici ar na dlíthe agus na beartais sin a chuireann feabhas ar do shaolsa agus saol na gcéadta milliún saoránach eile san Aontas Eorpach (an tAontas) ó lá go lá. Samhlaigh anois meandar cén chaoi a mbeadh do shaol laethúil murach na dlíthe agus na beartais sin atá glactha ag an bParlaimint — is leor sin go bhfeicfidh tú go baileach cad é atá i gceist.

Ó thaobh éifeachtachta de, ba bhoichte go mór an faireachán a dhéanfaí ar na táirgí sin atá contúirteach don chomhshaol agus don tsláinte, agus ba mhó acu a bheadh ar fáil i gcomparáid leis an lá atá inniu ann. Agus ba lú go mór an chosaint ar líne a thabharfaí duit. Bheadh deireadh leis na socruithe airgeadais agus riaracháin faoinar féidir dul ag obair nó staidéar a dhéanamh thar lear. Mar an gcéanna leis an gcomhordú idir tíortha éagsúla an Aontais chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac go héifeachtach — bheadh a ré caite. Agus sin uile gan cuimhneamh, ar ndóigh, ar na scuainí a bheadh ag na teorainneacha arís ná ar an oibleagáid pas agus airgeadra eachtrach a bheith agat chuile uair

a rachfá ag taisteal chuig tír eile san Aontas. Cuimhnigh air freisin go mbeadh táillí fánaíochta le híoc arís as glaonna gutháin i dtíortha eile. Agus níl sa mhéid sin ach an tús...

Tugann an Pharlaimint tús áite ina cuid gníomhaíochtaí don mhéid a bhíonn ag dó na geirbe agat, mar shaoránach. De bhreis air sin, is féidir le gach saoránach den Aontas achainí a dhéanamh chun féachaint leis go gcuirtear dlí an Aontais i bhfeidhm agus go dtugtar urraim dá chearta.

I measc na gceisteanna is ábhar don 1 000 achainí nó mar sin a phróiseálann an Coiste um Achainíochta sa Pharlaimint gach bliain, tá cásanna ann nár urramaíodh saoirsí bunúsacha nó a bhaineann le pleanáil áitiúil agus réigiúnach neamhleanúnach, agus rioscaí don tsláinte agus don chomhshaol, etc.


Is pobal uile-Eorpach é **lecheile.eu**
a spreagann rannpháirtíocht sa daonlathas.
Glac páirt sa phobal.
Roinn do thuairimí faoin Eoraip linn.

lecheile.eu



A close-up photograph of a person's hands and arms. The person is wearing a dark, textured jacket. They are holding a stack of white papers, likely ballots, over a ballot box. The lighting is dramatic, with strong highlights on the hands and papers, and deep shadows elsewhere. The background is dark and out of focus.

PARLAIMINT
NA hEORPA,
**TOFA AG NA
SAORÁNAIGH
CHUN FÓNAMH
DO NA
SAORÁNAIGH**



Sampla den chomhar is ea an tAontas Eorpach nach bhfuil a shárú ann ar domhan. Spás is ea é ina bhfuil earraí i saorchúrsaíocht agus ina mbogann oibrithe agus mic léinn faoi shaoirse. Ach is comhphobal luachanna é chomh maith, luachanna amhail an toirmeasc ar phionós an bháis, cosaint an daonlathais, chearta an duine agus an chomhionannais inscne, nó an freagra a thabharfadh dream, iad ag seasamh le chéile, ar bhagairt an athraithe aeráide.

Tá áit ar leith ag an bParlaimint san Aontas seo ós rud é gurb í an t-aon institiúid Eorpach amháin í a dtoghann na saoránaigh a cuid comhaltaí go díreach, rud a fhágann gur ceann de bhunchlocha an daonlathais san Aontas í. Déanann na Feisirí de Pharlaimint na hEorpa ionadaíocht dhlisteanach ortsa, saoránach den Aontas, agus cinntíonn siad gur ionadaithe atá tofa go daonlathach, seachas oifigigh anaithnid, a ghlacann na cinntí a bhaineann leat. Is sa Pharlaimint a thagann smaointe agus treocheartaí polaitiúla ó cheann ceann na hEorpa le chéile, agus is minic a bhíonn plé beo bríomhar ann mar gheall orthu.

CAD IAD NA CUMHACHTAÍ ATÁ AG PARLAIMINT NA hEORPA?

Glacann sí dlíthe Eorpacha

Glacann an Pharlaimint na tograí le haghaidh dlíthe arna ndéanamh ag an gCoimisiún Eorpach agus leasaíonn sí iad nuair is iomchuí. Is cumhacht é sin atá comhroinnte idir í féin agus Comhairle an Aontais Eorpaigh. Déanann an dá institiúid mionscrúdú ar dtús ar fhoclaíocht na reachtaíochta atá á beartú agus déanann siad caibidlíocht dhian ansin ar mholtaí a chéile chun teacht ar chomhaontú. Le linn gach téarma reachtaigh (5 bliana), glacann an Parlaimint 1 000 gníomh reachtach ar an meán, a mbíonn tionchar díreach acu ar do shaol laethúil mar shaoránach den Eoraip.

Glacann sí an buiséad

Chomh maith céanna leis an gComhairle, déanann an Parlaimint scrúdú ar an togra ón gCoimisiún le haghaidh an bhuiséid bhliantúil don bhliain dar gcionn, is é sin le rá, méid iomlán agus miondealú an airgid a leithdháiltear chun beartais an Aontais a chur chun feidhme. Mar chuid den nós imeachta sin, is minic a bhíonn caibidlíocht dhian ann sula dtagtar ar théacs comhpháirteach lenar féidir vótáil ar bhuiséad bliantúil an Aontais, arb é is príomhchuspóir leis fás agus fostaíocht a spreagadh.

Mar shaoránach, téann caiteachas na hEorpa chun tairbhe duit i go leor réimsí: cabhraíonn an Eoraip leis na milliúin mac léinn, leis na mílte taighdeoirí agus le roinnt mhaith cathracha, réigiún agus eagraíochtaí; cinntíonn sí freisin go mbíonn ioncam réasúnta le fáil ag feirmeoirí.

Institiúid is ea Parlaimint na hEorpa ina ndéantar cinntí agus bíonn tionchar ag na vótaí a chaitear inti ar an 447 milliún saoránach den Aontas Eorpach agus iad ag gabháil den saol ó lá go lá.

Tá ceithre cinn de phríomhréimsí inniúlachta aici.

Formheasann sí comhaontuithe idirnáisiúnta

Tá roinnt saincheisteanna ann a mbíonn níos mó ná an Eoraip i gceist leo. An téamh domhanda, mar shampla, nó ár soláthar fuinnimh agus ár leasanna trádála. Tugann an Pharlaimint treoir don chaibidlíocht ar chomhaontuithe idirnáisiúnta. Bíonn na comhaontuithe sin faoi réir toiliú a fháil uathí agus ní féidir iad a thabhairt i gcrích gan formheas a fháil ón bParlaimint. Is amhlaidh atá i gcás aon mhéadú ar an Aontas chun Ballstáit nua a ligean isteach.

Déanann sí formhaoirseacht ar an bhfeidhmeannacht

Déanann an Pharlaimint formhaoirseacht dhaonlathach ar institiúidí uile an Aontais agus ar an gCoimisiún Eorpach go háirithe, ar comhlacht feidhmiúcháin an Aontais é. Is é is aidhm leis an bhformhaoirseacht sin féachaint leis go bhfuil dlí na hEorpa á chur i bhfeidhm mar ba cheart agus go bhfuil an buiséad á úsáid go hiomchuí. Mar chuid de shainchumais ríthábhachtacha eile na Parlaiminte, toghann sí Uachtarán an Choimisiúin, tugann sí éisteacht do na Coimisinéirí ainmnitheacha agus is féidir léi tairiscint cáinte a ghlacadh lena gcuirfí de cheangal ar an gCoimisiún éirí as.





Comhreachtóirí

Parlaimint na hEorpa + Comhairle an Aontais Eorpaigh



Tionscnóir

an Coimisiún Eorpach



CONAS A OIBRÍONN AN PHARLAIMINT I gCOMHAR LEIS NA hINSTITIÚIDI EORPACHA EILE?

Is é an Coimisiún Eorpach a chuireann tús leis an bpróiseas trí thograí reachtacha a thíolacadh. Ansin, bíonn an Pharlaimint, a dhéanann ionadaíocht ar na saoránaigh, agus an Chomhairle, a dhéanann ionadaíocht ar na Ballstáit, ag obair le chéile agus ag modhnú leasuithe a chéile ar na tograí, a ghlactar nó a ndíúltaítear dóibh ina dhiaidh sin. Sa chuid is mó de na réimsí beartais, mar sin, tá an chumhacht chun rialacha Eorpacha a chruthú (treoracha nó rialacháin) comhroinnte idir an Pharlaimint agus an Chomhairle.





COMHDHÉANAMH PHARLAIMINT NA hEORPA DE RÉIR GRÚPA POLAITIÚIL

12 Nollaig 2022

Grúpa na Clé i bParlaimint na hEorpa
Grúpa d'Aontas Forchéimnitheach na Sóisialaithe agus na nDaonlathaithe i bParlaimint na hEorpa
An Grúpa Glas/Grúpa na Saor-Chormghualloictha Eorpai
Grúpa Renew Europe
Grúpa Pháirtí an Phobail Eorpach (Na Daonlathaithe Críostaí)
An Grúpa do Choimeádaigh agus Leasaitheoirí na hEorpa
An Grúpa um Chéannacht agus Daonlathas
Feisirí Neamhcheangailte



GUE/
NGL



S&D



Glasraigh/
EFA



Renew
Europe



EPP



ECR



ID



NI



Ní de réir náisiúntachta a bhíonn na Feisirí eagraithe sa Seomra Tionóil, ach i ngrúpaí éagsúla, ag brath ar a bhfine pholaitiúil, a chuireann an uile chineál idé-eolaíochta chun cinn. Tá líon na bhFeisirí atá ag gach Ballstát comhréireach lena dháonra, agus tá ráthaíochtaí ann do na Ballstáit is lú, amhail Lucsamburg nó Málta, a fhágann go bhfuil ionadaíocht leordhóthanach á déanamh orthu.

Scaoileadh suíocháin na Ríochta Aontaithe i ndiaidh di imeacht ón Aontas Eorpach agus b'éigean líon agus dáileadh na suíochán a bhí ag na Feisirí, a d'ísigh ó 751 go 705, a chur in oiriúint dá réir.

DÁILEADH NA SUÍOCHÁN DE RÉIR GRÚPA AGUS BALLSTÁIT

12 Nollaig 2022

EPP S&D Renew Europe Glasraigh/
EFA ID ECR GUE/
NGL NI Iomlán



	An Bheilg	4	3	4	3	3	3	1		21
	An Bhulgáir	7	5	3			2			17
	An tSeicia	5	1	5	3	2	4	1		21
	An Danmhairg	1	3	6	2	1		1		14
	An Ghearmáin	30	16	7	25	9	1	5	3	96
	An Eastóin	1	2	3		1				7
	Éire	5		2	2			4		13
	An Ghréig	7	2	1			1	6	4	21
	An Spáinn	13	21	9	4		4	5	3	59
	An Fhrainc	8	7	23	12	18		6	5	79
	An Chrót	4	4	1			1		2	12
	An Iodáil	10	17	3	3	25	8		10	76
	An Chipir	2	2					2		6
	An Laitvia	3	2	1			1		1	8
	An Liotuáin	4	2	1	2		1		1	11
	Lucsamburg	2	1	2	1					6
	An Ungáir	1	5	2					13	21
	Málta	2	4							6
	An Ísiltír	6	6	7	3		5	1	1	29
	An Ostair	7	5	1	3	3				19
	An Pholainn	16	7	1	1		27			52
	An Phortaingéil	7	9		1			4		21
	An Rómáin	14	10	8			1			33
	An tSlóivéin	4	2	2						8
	An tSlóvaic	4	3	4			1		2	14
	An Fhionlainn	3	2	3	3	2		1		14
	An tSualainn	6	5	3	3		3	1		21
	An tAontas Eorpach (AE)	176	146	102	71	64	63	38	45	705



CONAS A FHEIDHMÍONN PARLAIMINT NA hEORPA?

Is léiriú soiléir é obair Pharlaimint na hEorpa ar mhana an Aontais, is é sin “Aontaithe san Éagsúlacht”. Anuas ar na tuairimí polaitiúla éagsúla atá sa Pharlaimint, déanann sí freastal freisin ar raidhse fhairsing cultúr agus teangacha. Tá gach ceann de na 24

theanga oifigiúla chomh tábhachtach céanna: foilsítear na doiciméid pharlaiminteacha uile i ngach teanga oifigiúil den Aontas agus tá an ceart ag gach Feisire den Pharlaimint labhairt sa teanga oifigiúil is rogha leis.

Féachaimis anois ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an Parlaimint

Ar an gcéad dul síos, tíolacann an Coimisiún Eorpach togra reachtach, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin

ag institiúid eile de chuid an Aontais. Ós rud é nach bhfuil saineolas ag gach Feisire ar gach ábhar, déantar

scrúdú ar an togra i gceann de na coistí parlaiminteacha, atá comhdhéanta d'Fheisirí a bhfuil eolas speisialaithe acu i réimsí sonracha: cosaint an tomhaltóra, trádáil idirnáisiúnta, saoirsí sibhialta, an comhshaol, etc. Féachann comhaltaí gach grúpa pholaitiúil leis an togra a athrú ansin ar mhaithe lena thabhairt ar aon dul lena dtosaíochtaí féin, trí leasuithe a chur síos lena ndéantar téacs an Choimisiúin a mhodhnú. I ndiaidh na chéad vótála sa choiste parlaiminteach, tagann an Pharlaimint le chéile sa suí iomlánach, sa Seomra Tionóil, mar a mbíonn díospóireacht phoiblí faoin tuarascáil ann idir na grúpaí polaitiúla éagsúla. Nuair a bhíonn an díospóireacht sa suí iomlánach thart, tagann na grúpaí polaitiúla le chéile agus déanann cathaoirligh na ngrúpaí iarracht na leasanna náisiúnta éagsúla a tharraingt le chéile chun teacht ar chomhsheasamh maidir leis na leasuithe a cuireadh síos. Is féidir leis na grúpaí, ag an bpointe sin, iarracht a dhéanamh comhghuaillíocht a chur le chéile eatarthu féin chun tromlach a fháil i gcás na gcéadta leasuithe a chuirtear síos don vótáil chríochnaitheach. Le linn na vótála críochnaithí, tugann comhalta as gach grúpa comhartha láimhe lena dtugtar an moladh vótála le fios dá chomhghleacaithe ar fad chun an comhsheasamh a ghlac an grúpa ina iomláine ar an ábhar a mheabhúr dóibh.

Is iomaí cúram atá ar na Feisirí, mar sin: anailís theicniúil a dhéanamh i dtosach, na smaointe a chuirtear chun cinn a phlé, caibidlíocht a dhéanamh agus teacht ar chomhaontú ina dhiaidh sin agus, ar deireadh, vóta a chaitheamh.

Is sa Bhruiséil a dhéantar an obair sna coistí parlaiminteacha. Tagann an Pharlaimint le chéile sa suí iomlánach in Strasbourg 12 uair sa bhliain. Chomh maith leis sin, bíonn sé cinn de pháirtseisiúin bhreise, a mhaireann 2 lá, sa Bhruiséil gach bliain.



GLACANN PARLAIMINT NA hEORPA REACHTAÍOCHT UAILLMHIANACH I gCOINNE PLAISTEACH AON ÚSÁIDE

An 24 Deireadh Fómhair 2018, vótáil tromlach mór na bhFeisirí i bhfabhar an rúin go gcuirfí toirmeasc ar tháirgí plaistigh aon úsáide áirithe, amhail plátaí, sceanra, baitíní cadáis, corraitheoirí, soip agus gais balún inséidte, arb iad na nithe sin atá i gcorradh le 70 % den bhruscar muirí. Is é a rinne na Feisirí freisin ná táirgí ina bhfuil plaistigh ocsóin-bhithmhille, amhail málaí agus pacáistíú, chomh maith le coimeádáin mhearbha déanta as polaistiréin fhorbartha, a chur leis an liosta sin de tháirgí a mbeidh toirmeasc orthu san Aontas ón mbliain 2021 ar aghaidh.

Is ceann de na tosaíochtaí atá ag Parlaimint na hEorpa é cearta an duine a chosaint. Is cosantóir díocasach í don daonlathas, don tsaoirse tuairimí a nochtadh, do shaorthoghcháin agus don smacht reachta san Eoraip agus ar fud an domhain.

Bíonn sí ag comhrac i gcoinne sárúithe ar na cearta sin, go háirithe trí thionscnaimh reachtacha chun áit a thabhairt do chearta an duine i gcomhaontuithe idirnáisiúnta, trí bhreathnóireacht toghchán agus trí dhíospóireachtaí ar chearta an duine a reáchtáil in Strasbourg gach mí.

Tacaíonn an Pharlaimint le cearta an duine freisin trí Dhuais Sakharov um Shaoirse Smaointeoireachta a bhronnadh gach bliain. Le 30 bliain anuas, bronnadh an duais seo ar dhaoine a chuir go mór leis an troid ar son chearta an duine, agus tarraingíonn sí aird ar shárúithe ar chearta an duine agus tacaíonn sí, san am céanna, leis na buaiteoirí agus a gcúis.

COSANTÓIR NA SAOIRSE AGUS AN DAONLATHAIS





DÍOTHÚ NA dTÁILLÍ FÁNAÍOCHTA AGUS PRAGHAS NÍOS ÍSLE AR GHLAONNA IDIRNÁISIÚNTA

Ó bhí an 15 Meitheamh 2017 ann, táimid in ann, agus muid ag taisteal san Aontas Eorpach, glaonna a chur, teachtaireachtaí a sheoladh agus dul ar an idirlíon ónár ngairís mhóibíleacha ar an bpraghas ceánna a bhíonn ann sa bhaile. D'áitigh an Pharlaimint go mbeadh níos mó i gceist sa reachtaíocht ná díreach tréimhse theoranta ama thar lear a chlúdach, is é sin, go mbeadh na táillí bunaithe ar phrionsabal "na húsáide réasúnaí". Is é a chiallaíonn sé sin gur féidir linn tairbhe a bhaint as na táillí náisiúnta ar an bhfánaíocht san Aontas a oiread is mian linn, fad nach mó ama a chaithimid ar an nguthán thar lear ná mar a chaithimid air sa bhaile.

De bhreis air sin, d'fhormheas an Pharlaimint téacs i ndeireadh na bliana 2018 a chuir uasteorainn de 19 cent an nóiméad, ón 15 Bealtaine 2019 ar aghaidh, le glaonna gutháin a dhéantar chuig tíortha eile san Eoraip.




TUILLEADH EOLAIS TABHAIR CUAIRT AR PHARLAIMINT NA hEORPA

Architectes: Architecture Studio

An mian leat eolas a chur ar an gcaoi a gceaptar gníomhartha reachtacha an Aontais Eorpaigh? Ar mhaith leat foghlaim faoin gcaoi a nglacann d'Fheisirí cinní a imríonn tionchar ar do shaol ó lá go lá, agus faoin áit a nglacann siad na cinní sin?

Tá Parlaimint na hEorpa ag tairiscint an iliomad cuairteanna sa Bhrúiséal agus in Strasbourg chun deis a chur ar fáil do chách tuisceant níos fearr a bheith acu ar an institiúid, ar a stair agus ar an gcomhthéacs Eorpach san iomlán. Tá an t-eolas riachtanach ar fad faoi na cuairteanna seo ar fáil ar shuíomh gréasáin Parlaimint na hEorpa <http://www.europarl.europa.eu/visiting/ga/>



Conas a théann an Eoraip i bhfeidhm ar ár saol laethúil? Cén tionchar atá aici ar ár bpoist, ár dteaghlaigh, ár gcúram sláinte, ár gcaitheamh aimsire, ár dturais, cúrsaí slándála, ár roghanna mar thomhaltóirí agus ár gcearta sóisialta? Conas a fhágann an Eoraip a lorg ar ár sráidbhailte, ár mbailte agus ár réigiúin? Ar an suíomh <https://what-europe-does-for-me.eu/ga> gheobhaidh tú sraith nótaí gearra ina ndéantar cur síos ar ghníomhaíochtaí an Aontais agus a bhfuil baint amach aige i do réigiún, i do bhaile agus sna réimsí sin a bhfuil spéis ar leith agat iontu.

Téigh i dteagmháil le Parlaimint na hEorpa tríd an Oifig Idirchaidrimh i do thírse. Bí ar an eolas, glac páirt ina cuid imeachtaí agus bí páirteach ina líonra.

ÉIRE

BAILE ÁTHA CLIATH/DUBLIN

12-14 Sráid an Mhóta Iochtarach,

Baile Átha Cliath,

D02 W710,

ÉIRE/IRELAND

Teil. +353 6057900

epdublin@europarl.europa.eu

europarl.europa.eu/ireland

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na hoifigí idirchaidrimh ar fad:

<http://europarl.europa.eu/epios>



AN PHARLAIMINT GAR DUIT

Téigh i dteagmháil le hionad na gcuairteoirí má tá ceist ar bith agat:

Place du Luxembourg 100
1050 Bruxelles
BELGIQUE
visit@europarl.europa.eu
europarl.europa.eu/visiting/ga/

AN tAONAD UM IDIRCHADREAMH LEIS NA SAORÁNAIGH AGUS CUAIRTEOIRÍ – STRASBOURG

1, Allée du Printemps
67070 Strasbourg
FRANCE

VisitesStrasbourg@europarl.europa.eu
[visiting.europarl.europa.eu/ga/visitor-offer/
strasbourg/hemicycle-outside-plenary-sessions](http://visiting.europarl.europa.eu/ga/visitor-offer/strasbourg/hemicycle-outside-plenary-sessions)

TABHAIR CUAIRT AR ÁR SUÍOMH GRÉASÁIN

Is féidir leat éisteacht le diospóireachtaí agus iad ar siúl sa seisiún iomlánach, agus faisnéis teagmhála a aimsiú d'Fheisirí do thíre féin, gan trácht ar mhórchuid eile eolais — an nuacht is déanaí agus staidéir agus tuarascálacha faoi ábhair shonracha, mar shampla <http://europarl.europa.eu/portal/ga>

BÍ MAR CHUID DÁR bPOBAL FACEBOOK AGUS GLAC PÁIRT SA DIOSPÓIREACHT

facebook.com/europeanparliament

LEAN SINN AR TWITTER

twitter.com/europarl_ga

LEAN GNÍOMHAÍOCHTAÍ NA bhFEISIRÍ AGUS NA nGRÚPAÍ POLAITIÚLA AR FAD I bhFÍOR-AM

epnewshub.eu

Is féidir leat breathnú ar an *Citizens' App* nua, atá ar fáil in *App Store* agus in *Google Play Store*, chun foghlaim faoin gcaoi a dtéann an tAontas Eorpach chun tairbhe duit sna réimsí a bhfuil suim agat iontu agus i do rogha réigiún, agus is féidir fógraí a fháil faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ar na tograí sin atá tábhachtach duit. Gheobhaidh tú eolas ann freisin, in 24 theanga an Aontais, faoi na himeachtaí atá ar na bacáin agus beidh teacht agat ar ábhar ilmheán.

CITIZENS' APP
AN EORAIP I mBOIS
DO LÁIMHE



TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LE HINSTITIÚIDÍ AN AONTAIS EORPAIGH

Dul ann tú féin

Tá na céadta Ionad "Europe Direct" ann ar fud an Aontais Eorpaigh. Is féidir leat seoladh an ionaid is gaire duit a fháil ar líne (european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_ga).

Ar an bhfón nó i scríbhinn

Seirbhís is ea Europe Direct a thabharfaidh freagra duit ar cheisteanna faoin Aontas Eorpach.

Is féidir leat dul i dteagmháil leis an tseirbhís sin:

- ag uimhir shaorghlao: 00 800 6 7 8 9 10 11 (d'fhéadfadh oibreoirí áirithe táille a ghearradh as na glaonna sin),
- ag an ngnáthuímhír seo a leanas: +32 22999696,
- tríd an bhfoirm seo a leanas: european-union.europa.eu/contact-eu/write-us_ga.

EOLAS A FHÁIL FAOIN AONTAS EORPACH

Ar líne

Tá eolas faoin Aontas Eorpach ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar an suíomh gréasáin Europa (european-union.europa.eu).

Foilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh

Is féidir leat breathnú ar fhoilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh nó is féidir leat iad a ordú ag op.europa.eu/ga/publications. Más mian leat a lán cóipeanna d'fhoilseacháin saor in aisce a fháil, is féidir dul i dteagmháil le Europe Direct nó le d'ionad doiciméadúcháin áitiúil chun é sin a dhéanamh (european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_ga).

Dlí an Aontais Eorpaigh agus doiciméid ghaolmhara

Chun teacht ar fhaisnéis dhlíthiúil ón Aontas Eorpach, dlí an Aontais Eorpaigh ón mbliain 1951 ar aghaidh sna teangacha oifigiúla san áireamh, téigh chuig EUR-Lex (eur-lex.europa.eu).

Sonraí oscailte an Aontais Eorpaigh

Ar an tairseach data.europa.eu, cuirtear rochtain ar fáil ar thacair sonraí oscailte ó institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh. Is féidir iad a íoslódáil agus a athúsáid saor in aisce chun críoch tráchtála nó neamhtráchtála. Cuirtear rochtain ar fáil freisin ar neart tacair sonraí ó thíortha na hEorpa.



Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh

ISBN 978-92-846-9281-1
QA-01-22-287-GA-C

europarl.eu